

Cuireann an Chomhairle Ealaíon agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath fáilte roimh iarratais ó scríbhneoirí atá i lár a ngairmréime agus scríbhneoirí aitheanta le haghaidh Scríbhneoir Comhlach don bhliain féilire 2024.

Bunaíodh clár Scríbhneoir Cónaithe na Chomhairle Ealaíon chun timpeallacht spreagthach a chur ar fáil don scríbhneoir cónaithe, agus chun roinnt tacaíocht airgeadais a sholáthar le díriú ar chleachtas an scríbhneora féin. Anuas air sin, cuireann an chónaitheacht fuinneamh agus spleodar leis an ollscoil, agus tugtar deis do na mic léinn teagmháil a dhéanamh le scríbhneoir atá i mbun na ceirde ar feadh dlúth-thréimhse.

1.1 Eolas faoin gcónaitheacht

Fostófar an Scríbhneoir Comhlach don bhliain féilire 2024, beidh sé lonnaithe in Ionad Tríonóide Oscar Wilde do Scríbhneoireacht na hÉireann, Scoil an Bhéarla, Coláiste na Tríonóide, agus beidh deis aige dul i ngleic le pobal an champais níos leithne.

Roinnfear an chónaitheacht ina dhá cuid:

1. Ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2024, tacófar leis an Scríbhneoir Comhlach chun dul i ngleic le mic léinn agus leis an bhfoireann ollscoile. Déanfaidh an scríbhneoir cónaitheach an clár rannpháirtíochta seo a dhearadh, i gcomhar le foireann na hollscoile, agus d'fhéadfadh go mbeadh teagasc dírithe, ceardlanna, meantóireacht, imeachtaí poiblí nó gníomhaíochtaí eile a chuireann fuinneamh nua leis an gclár scríbhneoireachta cruthaithí mar chuid den chlár sin. Is é ceithre uair an chloig in aghaidh na seachtaine an t-uasmhéid ama teagmhála a bheidh ag an scríbhneoir leis an bhfoireann agus le mic léinn le linn an ama seo, agus ní bheidh ar an scríbhneoir curaclam príomhúil a sheachadadh.
2. Ó mhí Iúil ar aghaidh, tacófar leis an scríbhneoir chun díriú ar a chleachtas féin.

Is é €25,000 an táille don Scríbhneoir Comhlach, agus íocfaidh an Chomhairle Ealaíon an scríbhneoir go díreach (arb é atá ann ná €20k ón gComhairle Ealaíon agus €5k ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath). Íocfar an táille ina dhá tráthchuid, agus scríobhfaidh an scríbhneoir tuairisc dheiridh ag deireadh na cónaitheachta.

Cuirfear árasán as féin ina bhfuil seomra leapa singil, seomra folctha agus cistin/seomra comhludair beag, ar fáil don Scríbhneoir Comhlach ar feadh tréimhse ó Eanáir go deireadh mhí Bealtaine 2023. Cuirfear spás oifige sonrath ar fáil don Scríbhneoir Comhlach freisin in Ionad Oscar Wilde, áit a mbeidh sé in ann tabhairt faoina chleachtas cruthaitheach féin.

1.2 an Chomhairle Ealaíon – Scríbhneoir Comhlach, Coláiste na Tríonóide

Seo iad a leanas dualgais an Scríbhneora Comhlaigh i gColáiste na Tríonóide:

- Ceardlann dhá uair, uair sa tseachtain ar feadh aon seachtain déag do mhic léinn Máistreacht san Fhealsúnacht i Scríbhneoireacht Chruthaitheach.

- Ceardlann dhá uair, uair sa tseachtain ar feadh ocht seachtaine do rang mic léinn fochéime i Scoil an Bhéarla.
- Léamh/agallamh poiblí amháin.
- Ceardlann nó imeacht for-rochtana amháin do dhaoine nach cuid de Choláiste na Tríonóide iad.

1.3 Cé atá i dTeideal Iarratas a Dhéanamh?

Tá an dámhachtain oscailte do scríbhneoirí atá i lár a ngairmréime agus scríbhneoirí aitheanta atá ag obair i bhficsean próis, filíocht, neamhfhicsean cruthaitheach chomh maith le scríbhneoirí atá ag obair ar fhicsean agus filíocht do leanaí.

Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, ní mór d'iarratasóirí:

- A bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann.
- Cuntas teiste san fhoilsitheoireacht a bheith acu sna réimsí seo a leanas: ficsean próis, filíocht, neamhfhicsean cruthaitheacht, úrscéalta grafacha agus/nó ficsean agus filíocht do leanaí. Ní ghlacfar le hiarratais ó scríbhneoirí nár foilsíodh sna réimsí sin. Níl scríbhneoirí a oibríonn mar dhrámadóirí nó scríbhneoirí scrípte amháin incháilithe don chónaitheacht seo.
- **A bheith mar scríbhneoirí atá i lár a ngairmréime nó atá aitheanta.** Chun críche chlár cónaitheachta na Comhairle Ealaíon, déanann an Chomhairle Ealaíon sainmhíniú ar i lár na gairmréime agus aitheanta mar scríbhneoirí a bhfuil cuntas teiste foilsitheoireachta soiléir acu, tar éis dóibh ar a laghad cnuasach iomlán amháin, úrscéal nó leabhar pictiúr a fhoilsiú a fhoilsitheoir neamhspleách, aitheanta.
- Níl an chónaitheacht oscailte ach amháin do scríbhneoirí nár thug faoi chónaitheacht na Comhairle Ealaíon/ollscoile in 2023. Déantar é seo chun deimhniú gur féidir le raon ealaíontóirí ceann de na deiseanna ar leith seo a fháil.
- De réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do chinntiú go dtugtar faoi bhearta beartais dhearfaigh chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do gach duine a chónaíonn in Éirinn, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó duine den Lucht Taistil. Ina theannta sin, tarraingíonn an Chomhairle Ealaíon aird ar an gcúlra socheacnamaíoch mar fhoras eile ina gcaithfear comhionannais deiseanna a chinntiú. Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, na tréithe thuasluaite ina measc ach nach bhfuil teoranta dóibh.

1.4 Iarratas a Dhéanamh

Ba cheart do scríbhneoirí na trí cháipéis seo a leanas a chur ar fáil chun iarratas a dhéanamh:

1. Togra mionsonraithe 1-2 leathanach ina leagtar amach conas a rachfaí i ngleic le mic léinn, leis an bhfoireann agus le pobal an champais níos leithne, mar aon le taithí ábhartha a thacaíonn leis an gcur chuige sin
2. Ráiteas an ealaíontóra, ar aon leathanach amháin, ina ndéantar cur síos ar an tionchar a bheadh ag an gcónaitheacht ar chleachtas an ealaíontóra
3. CV mionsonraithe, ina leagtar amach éachtaí agus gaiscí ealaíonta. Níor chóir go mbeadh an CV níos faide ná 3 leathanach.

Ba cheart iarratais a sheoladh chuig Ruth Archibold ag ARCHBOLR@tcd.ie faoi **5.30 pm Déardaoin, 9 Samhain**. Ní ghlacfar ach le hiarratais i ríomhphost amháin. Ní ghlacfar le hiarratais a gheofar tar éis an spriocdháta sin.

1.5 An Próiseas Measúnaithe

Ar iarratais a fháil, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon agus Coláiste na Tríonóide cinneadh ar cháilitheacht na n-iarratas.

Measfar go bhfuil d'iarratas neamh-incháilithe agus ní chuirfear é chun cinn go dtí an chéad chéim eile den phróiseas má bhaineann aon cheann de na rudaí seo a leanas leis:

1. Chuir tú an t-iarratas isteach i ndiaidh an spriocdháta.
2. Ní chomhlíonann tú na critéir cháilitheachta a leagtar amach in 1.3.
3. Ní chuireann tú na trí cháipéis riachtanacha isteach mar a leagtar amach in 1.4.

Ina dhiaidh sin, bunóidh an Chomhairle Ealaíon agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath coiste roghnúcháin agus beidh ionadaí amháin ó Choláiste na Tríonóide, duine amháin ón gComhairle Ealaíon, agus comhalta painéil seachtrach ag a bhfuil saineolas liteartha ar an bpainéal sin. Cuirfidh an coiste roghnúcháin gearrliosta d'iarrthóirí le chéile bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- cuntas teiste ealaíonta an iarratasóra
- caighdeán an smaoinimh/chur chuige (tagraítear don mhéid sin thuas), mar atá le sonrú san iarratas, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar roinn ábhartha na hollscoile agus ar an ollscoil ar an iomlán.
- an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an gcónaitheacht ar chleachtas cruthaitheachta an scríbhneora féin

Bunófar gearrliosta (ní bheidh níos mó ná ceathrar scríbhneoirí air). Iarrfar ar scríbhneoirí a chuirfear ar an ngearrliosta dul faoi agallamh go luath i mí na Nollag. Reáchtálfar an t-agallamh trí ghlaoch físchomhdhála. Tabharfar deis do na scríbhneoirí atá ar an ngearrliosta a bpleananna agus a dtaithe a phlé go mionsonraithe san agallamh. Déanfaidh an painéal an cinneadh deiridh bunaithe ar na critéir thuasluaite agus cuirfear cinntí in iúl i mí na Nollag 2023.